Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Infarco SA (Maidrid, an Spáinn)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir: An t-iarratasóir

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "FARCO" agus dath dearg, bán agus dubh air – Iarratas Uimh. 17 838 178

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 17 Eanáir 2022 i gCás R 172/2021-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid, inar dheimhnigh an Bord Achomhairc gur éirigh le cur i gcoinne B 3 054 342 in aghaidh mharc fíortha Uimh. 17 838 178, a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig EUIPO i gcomhair athscrúdú.

Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 11 Aibreán 2022 – Eggers & Franke v EUIPO – E. & J. Gallo Winery (EF)

(Cás T-183/22)

(2022/C 207/73)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Eggers & Franke Holding GmbH (Bremen, an Ghearmáin) (ionadaithe: A. Ebert-Weidenfeller agus H. Förster, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: E. & J. Gallo Winery (Modesto, California, na Stáit Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha an Aontais Eorpaigh "EF" – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 927 894

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 4 Feabhra 2022 i gCás R 729/2021-5

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus i gcás idiragartha freisin don idiragraí na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle